

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/1239 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Iúil 2021

lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/1919, (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle ⁽¹⁾, déantar na deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine ⁽²⁾ (“an Prótacal”). Cuireadh síneadh go dtí an 15 Samhain 2020 leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha ⁽³⁾ maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal go ceann tréimhse bliana ar a mhéad. Údaraíodh síniú an Chomhaontaithe sin le Cinneadh (AE) 2019/1918 ón gComhairle ⁽⁴⁾, lenar údaraíodh a chur i bhfeidhm sealadach.
- (2) An 23 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/1704 ⁽⁵⁾, lena bhforáiltear dara síneadh, go ceann bliana ar a mhéad, a chur leis an bPrótacal.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2019/1919 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir leis na deiseanna iascaireachta a chionroinnt faoin bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 5).

⁽²⁾ Prótacal lena leagtar síos na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine ar feadh tréimhse 4 bliana (IO L 315, 1.12.2015, lch. 3).

⁽³⁾ Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2019 (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 3).

⁽⁴⁾ Cinneadh (AE) 2019/1918 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2019 (IO L 297 I, 18.11.2019, lch. 1).

⁽⁵⁾ Cinneadh (AE) 2020/1704 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Márataine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020 (IO L 383, 16.11.2020, lch. 1).

- (3) Le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/1919, déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i gcatagóir 6 - Reothrálaeir pheiligeacha.
- (4) De bhun an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ⁽⁶⁾, ní Ballstát den Aontas í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh ó bhí an 1 Feabhra 2020 ann agus tháinig deireadh leis an idirthrímhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú sin an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a chionroinntear ar an Ríocht Aontaithe a ath-chionroinnt ar na Ballstáit amhail ón 1 Eanáir 2021 agus níor cheart ceadúnas ráithiúil a bheith ag an Ríocht Aontaithe a thuilleadh ón 1 Eanáir 2021.
- (5) Ba cheart an ath-chionroinnt sin a bheith trédhearcach agus comhréireach le cionroinnt bhunaidh na gcuótaí.
- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/1919 a leasú dá réir sin.
- (7) Le Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle ⁽⁷⁾, bunaítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe. Le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ⁽⁸⁾, maidir le stoic áirithe éisc agus grúpaí stoc éisc, bunaítear, le haghaidh 2021, na deiseanna iascaireachta is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Maidir le stoic a roinntear leis an Ríocht Aontaithe, leagtar síos leis na Rialacháin sin na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) sealadacha is infheidhme go dtí an 31 Iúil 2021 le haghaidh soithí a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais, in uiscí idirnáisiúnta agus in uiscí trúí tír.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Ríocht Aontaithe ⁽⁹⁾ (TCA), chuaigh an tAontas i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus bhunaigh sé leibhéal na ndeiseanna iascaireachta maidir leis na stoic a liostaítear in Iarscríbhinn 35 agus i dtáblaí A agus B d'Iarscríbhinn 36 a ghabhann le TCA, mar aon le coinníollacha gaolmhara le haghaidh na bliana 2021, agus leibhéal na ndeiseanna iascaireachta maidir le TACanna áirithe domhainfharraige, mar aon le coinníollacha gaolmhara le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 20 Eanáir 2021 agus an 2 Meitheamh 2021, ar bhonn an Chinnidh ón gComhairle, an 5 Márta 2021 ⁽¹⁰⁾. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin a dhoiciméadú i dtaifead i scríbhinn, arna shíniú ag cinn toiscaireachtaí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe araon agus arna fhormhuiniú ag an gComhairle an 11 Meitheamh 2021. Is gá, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe, mar aon leis na bearta nua gaolmhara, a chur in ionad TACanna sealadacha a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92.
- (9) Le tabhairt i gcrích na gcomhairliúcháin sin, tugtar isteach deiseanna iascaireachta a comhaontaíodh agus a áirithíodh i gcomhair an Aontais agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2021, mar aon le stoic dhomhainfharraige áirithe le haghaidh 2021 agus 2022, faoi na forálacha i TCA maidir le rochtain chomhionann ar uiscí a chéile.
- (10) Is gá anois torthaí na gcomhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a chur chun feidhme i ndlíchóras an Aontais trí na deiseanna iascaireachta lena n-urramaítear leibhéil TACanna sealadacha a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe a chur in ionad TACanna sealadacha a bunaíodh le Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92.

⁽⁶⁾ IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

⁽⁷⁾ Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lch. 20).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

⁽⁹⁾ An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

⁽¹⁰⁾ Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe chun deiseanna iascaireachta a chomhaontú i leith stoic chomhroinnte le haghaidh 2021 agus i leith stoic áirithe dhomhainfharraige le haghaidh 2021 agus 2022 an 5 Márta 2021, ST 6414/21.

- (11) Faoi TCA, tá sé mar chomhchuspóir ag an Aontas agus an Ríocht Aontaithe stoic chomhroinnte a shaothrú ag rátaí lena bhfuil sé beartaithe pobail na speiceas a shaothraítear a chothabháil agus a athbhunú de réir a chéile os cionn na leibhéal bithmhaise lena féidir an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) a bhaint amach. I gcomhréir le pleananna ilbhliantúla dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) Uimh 1380/2013 ⁽¹¹⁾, (AE) 2019/472 ⁽¹²⁾ agus (AE) 2018/973 ⁽¹³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bhí an spriocbhásmhaireacht iascaireachta le baint amach a luaithe is féidir i gcomhréir le raonta MSY (F_{MSY}) a shainmhíneáil i Rialacháin (AE) 2019/472 agus (AE) 2018/973, agus ar bhonn forchéimnitheach incriminteach faoi 2020 maidir leis na stoic sprice a liostaítear sna Rialacháin sin agus tá sí le coinneáil ar bun ina dhiaidh sin laistigh de raonta F_{MSY} , i gcomhréir leis na Rialacháin sin.
- (12) Is ann do stoic áirithe dár eisigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES), agus measúnú á dhéanamh aici orthu in aghaidh na huastáirgeachta inbhuanaithe, comhairle eolaíoch gan iad a ghabháil in aon chor. Dá mbunófaí TACanna le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a léirítear sa chomhairle eolaíoch sin, thiofadh feiniméan an “tacht-speicis” chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe araon, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, a thabhairt i dtír. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá leanúint leis an iascach measctha sin i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíoch a d’fhéadfadh a bheith ann maidir leis an iascach sin ag a bhfuil an gá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc an tráth céanna in iascach measctha ag MSY, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur iomchuí le haghaidh na stoc sin TACanna sonracha a bhunú maidir le foghabhálacha. Ba cheart leibhéal TACanna sin a shocrú sa chaoi go laghdófar ráta básmhaireachta na stoc sin agus go mbeidh sin ina dhreasacht chun an roghnaíocht agus an tseachaint a fheabhsú. Ba cheart leibhéal na ndeiseanna iascaireachta maidir leis na stoic sin a bhunú i gcomhréir leis an taifead i scríbhinn chun cothrom iomaíochta a áirithiú d’oibreoirí an Aontais mar aon le chun foráil a dhéanamh maidir le téarnamh suntasach bithmhais na stoc sin an tráth céanna.
- (13) Cé nár tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le bearta teicniúla ailínithe atá nasctha go feidhmiúil, chomhaontaigh siad araon go bhfuil gá leis na bearta sin, agus glacfaidh an Ríocht Aontaithe bearta den sórt sin chun rannchuidiú le téarnamh na stoc lena mbaineann. San éagmais comhaontaithe atá ann faoi láthair, is gá leanúint in uiscí an Aontais de chur i bhfeidhm na mbearta teicniúil atá ann cheana agus atá nasctha go feidhmiúil, bearta arna mbunú le hAirteagal 15, Airteagal 16 agus Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/92 lena gceadaítear TACanna spriocspeiceas a shocrú ar leibhéal atá beartaithe sa Rialachán seo gan staid na stoc foghabhála dosheachanta in uiscí an Aontais a chur i mbaol.
- (14) Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/5BE6A, WHG/56-14, WHG/07A agus PLE/7HJK faoi bhun pointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais (B_{lim}) agus nach gceadaítear ach iascach foghabhála agus eolaíoch orthu, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa taifead i scríbhinn nach bhfuil solúbthacht idirbhliantúil le cur i bhfeidhm, lena n-áirítear faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin i gcás aistrithe go 2021 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2021 thar an TAC a bunaíodh le haghaidh na stoc sin. Dá bhrí sin, gheall an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire agus an Ísiltír nach gcuirfidh siad Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i bhfeidhm i ndáil leis na stoic sin le haghaidh aistrithe go 2021.
- (15) Ós rud é go bhfuil bithmhais an stoic PRA/03A faoi bhun $B_{trigger}$ MSY, chomhaontaigh an tAontas agus an Iorua nach bhfuil solúbthacht idirbhliantúil le cur i bhfeidhm, lena n-áirítear faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus faoi Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle ⁽¹⁴⁾ maidir leis an stoc sin i gcás aistrithe go 2021 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2021 thar an TAC a bunaíodh le haghaidh an stoic sin. Dá bhrí sin, gheall an Danmhairg agus an tSualainn nach gcuirfidh siad Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ná Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i bhfeidhm i ndáil leis an stoc sin le haghaidh aistrithe go 2021.

⁽¹¹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

⁽¹²⁾ Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d’iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

⁽¹³⁾ Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

⁽¹⁴⁾ IO L 115, 9.5.1996, lch. 3.

- (16) Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc COD/2A3AX4, COD/03AN agus COD/07D faoi bhun na teorann bithmhaise, chomhaontaigh an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua nach bhfuil solúbthacht idirbhliantúil le cur i bhfeidhm, lena n-áirítear faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus faoi Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir leis na stoic sin le haghaidh aistrithe go 2021 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2021 thar an TAC a bunaíodh le haghaidh na stoc sin. Dá bhrí sin, gheall an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn gan Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ná Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a chur i bhfeidhm i ndáil leis na stoic sin le haghaidh aistrithe go 2021.
- (17) An doingeann mara Eorpach sa Mhuir Cheilteach, i Muir nIocht, i Muir Éireann agus i ndeisceart na Mara Thuaidh (ranna 4b, 4c, 7a, agus 7d go 7h ICES), leanann sé de bheith faoi bhun $B_{trigger}$ MSY agus tá sé díreach os cionn B_{lim} . Cé go bhfuil laghdú tagtha ar bhásmhaireacht iascaireachta, is cúis inmí fós iad tásca ICES ar an mbrú iascaireachta. Tá na bearta a comhaontaíodh chun coinníollacha agus deiseanna ailínithe a áirithiú le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus chabhlaigh an Aontais ríthábhachtach don doingeann mara mar stoc comhroinnte, go háirithe maidir le huasteorainn mhíosúil i gcás iascach tráchtála le grinnill agus saighne, agus maidir le foghabhálacha i líonta tráchtála cois cladaigh, agus an teorainn le hiascach áineasa atá ann faoi láthair á coinneáil i bhfeidhm. Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tús áite a thabhairt freisin d'fheabhas a chur ar uirlis mheasúnaithe ICES le haghaidh an doingin mara chun ríomhanna réamh-mheasta a cheadú ar bhonn shamhlacha MSY.
- (18) Ar mhaithe le cosaint ar iascaireacht na speiceas lena mbaineann, sa taifead i scríbhinn chomhaontaigh an Ríocht Aontaithe agus an tAontas ar liostaí na speiceas toirmisce. Beidh toirmeasc ar na speicis thoirmiscthe sin a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
- (19) De bhun Airteagal 498(8) de TCA, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sásra a bhunú chun deiseanna iascaireachta a aistriú ar bhonn deonach bliantúil agus go bhfuil na mionsonraí a bhaineann leis an sásra sin le sainiú ag an Coiste Speisialaithe um Iascach. Ionas go mbeidh na Ballstáit in ann deiseanna iascaireachta a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe go dtí go nglacfaidh an Coiste Speisialaithe um Iascach na mionsonraí sin, is iomchuí an nós imeachta a bhunú chun aistrithe nó malartuithe den sórt sin a dhéanamh.
- (20) In 2021, réachtáil an tAontas agus Oileáin Fharó comhairliúcháin bhliantúla maidir le malartuithe le haghaidh gabhálacha iomlána incheadaithe áirithe agus rochtain ar uiscí gach Páirtí. Ní raibh comhaontú idir an tAontas agus Oileáin Fharó mar thoradh ar na comhairliúcháin sin. Coinníodh cúlchiste le haghaidh TACanna áirithe ar thaobh an Aontais chun foráil a dhéanamh maidir leis na malartuithe sin. Mar thoradh air sin, ba cheart táblaí ábhartha na ndeiseanna iascaireachta agus ceadúnais soithí ábhartha a leasú.
- (21) I Rialachán (AE) 2021/92, mar a glacadh ar dtús é, tá an TAC ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF is infheidhme ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022 socraithe ag nialas, go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch nua. Sa tríú leasú ar dheiseanna iascaireachta 2021, bunaíodh TAC shealadach go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 chun go mbeadh an t-iascach ainseabhaithe in ann leanúint ar aghaidh. D'eisigh ICES an chomhairle eolaíoch an 18 Meitheamh 2021. Ba cheart an TAC le haghaidh na tréimhse dar tús an 1 Iúil 2021 a leasú, dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.
- (22) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a leasú dá réir.
- (23) A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta timpeall ar limistéar Svalbard, deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) ("Conradh Pháras 1920") rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach tuairim an Aontais a bhaineann leis an rochtain sin an iliomad uaireanta, an tráth is déanaí i *notes verbales* Uimh. 02/21 chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021 agus Uimh. 08/21 dar dáta an 28 Meitheamh 2021. Chun a áirithiú go bhfuil saothrú acmhainní laistigh de limistéar Svalbard i gcomhchuibheas le cibé rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh an Iorua a leagan amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar laistigh de theorainneacha an Chonartha sin, shocraigh an Chomhairle, le haghaidh fholimistéar 1 agus roinn 2b ICES, an líon soithí a údaráítear iascach a dhéanamh ar an bportán sneachta agus cuótaí le haghaidh trosc. Tá feidhm ag cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát go dtí an 31 Nollaig 2021. I *note verbale* Uimh. 02/21 chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021, choimeád an tAontas na cearta atá aige na frithbhearta leasúcháin uile is iomchuí a dhéanamh chun cearta agus leasanna dlísteana an Aontais a chosaint. Is iomchuí a thabhairt chun cuimhne gur ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht, san Aontas, comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.

- (24) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1919 agus (AE) 2021/91 ón 1 Eanáir 2021. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo maidir le teorainneacha gabhála ón dáta sin freisin, cé is moite de na forálacha a bhaineann le hainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF, ar forálacha iad ar cheart feidhm a bheith acu ón 1 Iúil 2021, agus ag Airteagal 3(2) pointe (c), a mhéid a bhaineann le míreanna nua 2a agus 2b d'Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/92, ar cheart feidhm a bheith acu ón 1 Lúnasa 2021. Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/1919 maidir leis an dara tréimhse ina gcuirtear síneadh i bhfeidhm ar an bPrótacal, eadhon ón 16 Samhain 2020. Níor bhain an Ríocht Aontaithe úsáid as na deiseanna iascaireachta sin agus níl sí i dteideal a thuilleadh úsáid a bhaint astu ón 1 Eanáir 2021. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an leasú ar na deiseanna iascaireachta sin faoin Rialachán sin ón 1 Eanáir 2021. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlísteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2019/1919

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(1)(f) de Rialachán (AE) 2019/1919:

“(f) catagóir 6 – Reothrálaeir pheiligeacha:

An Ghearmáin	13 038,4 thona
An Fhrainc	2 714,6 thona
An Laitvia	55 966,6 thona
An Liotuáin	59 837,6 thona
An Ísiltír	64 976,1 thona
An Pholainn	27 106,6 thona
Éire	8 860,1 thona

Le linn na tréimhse ina gcuirtear síneadh i bhfeidhm ar an bPrótacal, beidh an líon ceadúnas ráithiúil seo a leanas ag na Ballstáit:

An Ghearmáin	4
An Fhrainc	2
An Laitvia	20
An Liotuáin	22
An Ísiltír	16
An Pholainn	8
Éire	2

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún más féidir ceadúnais áirithe a chur ar fáil do Bhallstáit eile.

Laistigh den chatagóir seo, féadfar suas le 19 soitheach a imscaradh in uiscí na Máratáine ag aon am amháin;”.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán (AE) 2021/91

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/91 mar a leanas:

- (1) scriostar Airteagal 8;
- (2) leasaítear Cuid 2 den Iarscríbhinn i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Leasú ar Rialachán (AE) 2021/92

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

- (1) scriostar Airteagal 7;
- (2) leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhálacha doingean mara i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Tá feidhm ag an díolúine sin maidir le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar an doingean mara agus ní fhéadfar ach foghabhálacha dosheachanta doingean mara a thabhairt i dtír.”;
 - (b) i mír 2, scriostar pointe (c) agus pointe (d) agus an fhomhír deiridh;
 - (c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

“2a. De mhaolú ar mhír 1, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig, féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a iascach, agus doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:

 - (a) ag úsáid tráil ghrinnill (*), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 380 cileagram in aghaidh na míosa agus 5 % de mheáchan gabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach sin in aghaidh an turais iascaireachta;
 - (b) ag úsáid saighní (**), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 380 cileagram in aghaidh na míosa agus 5 % de mheáchan gabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach sin in aghaidh an turais iascaireachta;

2b. D’ainneoin mhír 2 agus mhír 2a, ní rachaidh na gabhálacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) de na míreanna sin thar 760 cileagram don tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Lúnasa.

2c. De mhaolú ar mhír 1, in Eanáir 2021 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig, féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a iascach, agus doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:

 - (a) ag úsáid duán agus doruithe (***), nach mó ná 5,7 tona an tsoithigh;
 - (b) ag úsáid líonta geolbhaigh seasta (****), le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 1,4 tona an tsoithigh.

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thairfead gabhálacha doingean mara Eorpach i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016: i bpointe (a) le gabhálacha tairfeadta ag úsáid duán agus doruithe, agus i bpointe (b) le gabhálacha tairfeadta ag úsáid líonta geolbhaigh seasta. I gcás ina ndéanfar soitheach eile a chur in ionad soitheach iascaireachta de chuid an Aontais, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag an maolú maidir le soitheach iascaireachta eile ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir an mhaolaithe agus nach dtiocfaidh méadú ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

(*) Gach cineál tráil grinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).

(**) Gach cineál saighne (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).

(***) Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS).

(****) Gach líon geolbhaigh seasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).”;

- (d) leasaítear mír 5 mar a leanas:
- (i) i bpointe (a), cuirtear “ón 1 Eanáir go dtí an 28 Feabhra agus ón 1 Nollaig go dtí an 31 Nollaig 2021” in ionad “ón 1 Eanáir go dtí an 28 Feabhra”;
 - (ii) i bpointe (b), cuirtear “ón 1 Márta go dtí an 30 Samhain” in ionad “ón 1 Márta go dtí an 31 Iúil”.
- (3) in Airteagal 15(1), in ionad “soithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus le saighní i ranna 7f agus 7g ICES”, cuirtear “soithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus le saighní in uiscí de chuid an Aontais i roinn 7fg ICES”.
- (4) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

“Airteagal 53a

Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe

1. Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le míreanna 2 go 4.
 2. Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, féadfaidh sé leagan amach i dtaca leis an aistriú nó an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe.
 3. I gcás ina bhformhuiníonn an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.
 4. Maidir leis an gcuóta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chionroinnt ar chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ó na cearta sin, ón nóiméad a thugtar fógra maidir leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Ní dhéanfar aon athrú leis na malartuithe sin ar an eochair chionranna reatha chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.”.
- (5) leasaítear Iarscríbhinn IA i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (6) leasaítear Iarscríbhinn IB i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (7) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le Cuid D den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (8) leasaítear Iarscríbhinn V i gcomhréir le Cuid E den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021, cé is moite do na forálacha a bhaineann le hainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais in 34.1.1 CECAF, a mbeidh feidhm acu ón 1 Iúil 2021, agus d’Airteagal 3(2), pointe (c), a mhéid a bhaineann le míreanna nua 2a agus 2b d’Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/92, a mbeidh feidhm acu ón 1 Lúnasa 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Iúil 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

IARSCRÍBHINN

CUID A

Leasuithe ar Chuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/91

I gCuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/91, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dtáblaí de dheiseanna iascaireachta ábhartha:

Speiceas:	An scabaird dhubh <i>Aphanopus carbo</i>		Limistéar:
			6 agus 7; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5; uiscí idirnáisiúnta in 12 (BSF/56712-)
Bliain	2021	2022	TAC réamhchúramach
An Ghearmáin	22	22	
An Eastóin	11	11	
Éire	55	55	
An Spáinn	110	110	
An Fhrainc	1 541	1 541	
An Laitvia	72	72	
An Liotuáin	1	1	
An Pholainn	1	1	
Eile	6 ⁽¹⁾	6 ⁽¹⁾	
An tAontas	1 819	1 819	
An Ríocht Aontaithe	110	110	
TAC	1 929	1 929	
⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (BSF/56712_AMS).			

Speiceas:	An t-alfainsín <i>Beryx spp.</i>		Limistéar:
			Uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 (ALF/3X14-)
Bliain	2021	2022	TAC réamhchúramach
Éire	7 ⁽¹⁾	7 ⁽¹⁾	
An Spáinn	51 ⁽¹⁾	51 ⁽¹⁾	
An Fhrainc	14 ⁽¹⁾	14 ⁽¹⁾	
An Phortaingéil	145 ⁽¹⁾	145 ⁽¹⁾	
An tAontas	217 ⁽¹⁾	217 ⁽¹⁾	
An Ríocht Aontaithe	7 ⁽¹⁾	7 ⁽¹⁾	
TAC	224 ⁽¹⁾	224 ⁽¹⁾	
⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe faoin gcuóta seo.			

Speiceas:	An gránadóir cruinnsocach <i>Coryphaenoides rupestris</i>	Limistéar:	6 agus 7; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b (RNG/5B67-)
-----------	--	------------	---

Bliain	2021	2022	TAC réamhchúramach
An Ghearmáin	4 ⁽¹⁾⁽²⁾	4 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An Eastóin	34 ⁽¹⁾⁽²⁾	34 ⁽¹⁾⁽²⁾	
Éire	150 ⁽¹⁾⁽²⁾	150 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An Spáinn	37 ⁽¹⁾⁽²⁾	37 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An Fhrainc	1 910 ⁽¹⁾⁽²⁾	1 910 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An Liotuáin	44 ⁽¹⁾⁽²⁾	44 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An Pholainn	22 ⁽¹⁾⁽²⁾	22 ⁽¹⁾⁽²⁾	
Eile	4 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	4 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An tAontas	2 205 ⁽¹⁾⁽²⁾	2 205 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An Ríocht Aontaithe	112 ⁽¹⁾⁽²⁾	112 ⁽¹⁾⁽²⁾	
TAC	2 317 ⁽¹⁾⁽²⁾	2 317 ⁽¹⁾⁽²⁾	

⁽¹⁾ Féadfar uasmhéid 10 % de gach cuóta a iascach in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 8, 9, 10, 12 agus 14 (RNG/*8X14- le haghaidh an ghránadóira chruinnsocaigh; RHG/*8X14- le haghaidh foghabhálacha gránadóirí ceanngharbha).

⁽²⁾ Ní cheadaítear iascach dírithe ar an ngránadóir ceanngharbh. Déanfar foghabhálacha gránadóirí ceanngharbha (RHG/5B67-) a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo. Ní fhéadfaidh siad dul thar 1 % den chuóta.

⁽³⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (RNG/5B67_AMS le haghaidh an ghránadóira chruinnsocaigh; RHG/5B67_AMS le haghaidh an ghránadóira cheannghairbh).

Speiceas:	An gránadóir cruinnsocach <i>Coryphaenoides rupestris</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 8, 9, 10, 12 agus 14 (RNG/8X14-)
-----------	--	------------	---

Bliain	2021	2022	TAC réamhchúramach
An Ghearmáin	10 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	10 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
Éire	2 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	2 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An Spáinn	1 111 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	1 111 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An Fhrainc	51 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	51 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An Laitvia	18 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	18 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An Liotuáin	2 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	2 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An Pholainn	347 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	347 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	
An tAontas	1 541 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	1 541 ⁽¹⁾⁽²⁾⁽³⁾	

Speiceas:	An gránadóir cruinnsocach <i>Coryphaenoides rupestris</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 8, 9, 10, 12 agus 14 (RNG/8X14-)
An Ríocht Aontaithe	4 ⁽¹⁾⁽²⁾	4 ⁽¹⁾⁽²⁾	
TAC	1 545 ⁽¹⁾⁽²⁾	1 545 ⁽¹⁾⁽²⁾	
(1)	Féadfar uasmhéid 10 % den chuóta seo a iascach in 6 agus 7; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5b (RNG/*5B67- le haghaidh an ghránadóira chruinnsocaigh; RHG/*5B67- le haghaidh foghabhálacha gránadóirí ceanngharbh).		
(2)	Ní cheadaítear iascach dírithe ar an ngránadóir ceanngharbh.		
(3)	Déanfar foghabhálacha gránadóirí ceanngharbh (RHG/8X14-) a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo. Ní fhéadfaidh siad dul thar 1 % den chuóta.		

Speiceas:	An deargán <i>Pagellus bogaraveo</i>	Limistéar:	6, 7 agus 8 (SBR/678-)
Bliain	2021	2022	TAC réamhchúramach
Éire	3 ⁽¹⁾	3 ⁽¹⁾	
An Spáinn	84 ⁽¹⁾	84 ⁽¹⁾	
An Fhrainc	4 ⁽¹⁾	4 ⁽¹⁾	
Eile	3 ⁽¹⁾⁽²⁾	3 ⁽¹⁾⁽²⁾	
An tAontas	95 ⁽¹⁾	95 ⁽¹⁾	
An Ríocht Aontaithe	11 ⁽¹⁾	11 ⁽¹⁾	
TAC	105 ⁽¹⁾	105 ⁽¹⁾	
(1)	Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe faoin gcuóta seo.		
(2)	Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (SBR/678_AMS).'		

CUID B:

Leasuithe ar Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/92

In Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/92, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dtáblaí ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta:

Speiceas:	Spéirlintí agus foghabhálacha gaolmhara <i>Ammodytes spp.</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a ⁽¹⁾
An Danmhairg	86 652 ⁽²⁾⁽³⁾	TAC anailiseach	
An Ghearmáin	132 ⁽²⁾⁽³⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tSualainn	3 182 ⁽²⁾⁽³⁾	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
An tAontas	89 966 ⁽²⁾		
An Ríocht Aontaithe	2 534 ⁽²⁾		

Speiceas:	Spéirlintí agus foghabhálacha gaolmhara <i>Ammodytes spp.</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a ⁽¹⁾
TAC	92 500 ⁽²⁾		
(1)	Cé is moite d'uiscí laistigh de shé mhuirmhíle ó bhonnlínte na Ríochta Aontaithe ag Sealtainn, Oileán na gCaorach agus Foula.		
(2)	I limistéir bhainistíochta 1r agus 2r, ní fhéadfar an TAC a iascach ach amháin mar TAC faireacháin le prótacal samplála gaolmhar don iascach.		
(3)	Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus ronnach (OT1/*2A3A4X). Foghabhálacha faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.		

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir bhainistíochta seo a leanas le haghaidh spéirlintí, mar a shainítear in Iarscríbhinn III:

Limistéar: Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bhainistíochta le haghaidh spéirlintí

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SAN/ 234_1R)	(SAN/ 234_2R)	(SAN/ 234_3R)	(SAN/ 234_4)	(SAN/ 234_5R)	(SAN/ 234_6)	(SAN/ 234_7R)
An Danmhairg	5 118	4 684	12 091	64 627	0	131	0
An Ghearmáin	8	7	18	99	0	0	0
An tSualainn	188	172	444	2 373	0	5	0
An tAontas	5 314	4 863	12 553	67 099	0	136	0
An Ríocht Aontaithe	150	137	354	1 889	0	4	0
Iomlán	5 464	5 000	12 907	68 989	0	140	0

Speiceas:	An t-airgintín mór <i>Argentina silus</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2 (ARU/1/2.)
An Ghearmáin	16	TAC réamhchúramach	
An Fhrainc	5		
An Ísiltír	13		
An tAontas	34		
An Ríocht Aontaithe	25		
TAC	59		

Speiceas:	An t-airgintín mór <i>Argentina silus</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí an Aontais in 3a (ARU/3A4-C)
An Danmhairg	717	TAC réamhchúramach	
An Ghearmáin	7		
An Fhrainc	5		
Éire	5		
An Ísiltír	34		
An tSualainn	28		
An tAontas	796		
An Ríocht Aontaithe	13		
TAC	809		

Speiceas:	An t-airgintín mór <i>Argentina silus</i>	Limistéar:	6 agus 7; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5 (ARU/567.)
An Ghearmáin	283	TAC réamhchúramach	
An Fhrainc	6		
Éire	262		
An Ísiltír	2 958		
An tAontas	3 509		
An Ríocht Aontaithe	220		
TAC	3 729		

Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmo</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2 agus 14 (USK/1214EI)
An Ghearmáin	6 ⁽¹⁾	TAC réamhchúramach	
An Fhrainc	6 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
Eile	3 ⁽¹⁾⁽²⁾		
An tAontas	16 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	6 ⁽¹⁾		
TAC	22		

⁽¹⁾ Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe faoin gcuóta seo.

⁽²⁾ Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/1214EI_AMS).

Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmé</i>	Limistéar:	uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce an Aontais in 4 (USK/04-C.)
An Danmhairg	68	TAC réamhchúramach	
An Ghearmáin	20 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
An Fhrainc	47 ⁽¹⁾		
An tSualainn	7 ⁽¹⁾		
Eile	7 ⁽²⁾		
An tAontas	149 ⁽¹⁾		
An Ríocht Aontaithe	102 ⁽¹⁾		
TAC	251		
⁽¹⁾	Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 25 % de a iascach in uisce na Ríochta Aontaithe, uisce an Aontais agus uisce idirnáisiúnta in 6a lastuaidh de 58°30'N (POK/*6AN58).		
⁽²⁾	Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/04-C_AMS).		

Speiceas:	An torsa <i>Brosme brosmé</i>	Limistéar:	6 agus 7; Uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce idirnáisiúnta in 5 (USK/567EI.)
An Ghearmáin	60 ⁽¹⁾	TAC réamhchúramach	
An Spáinn	208 ⁽¹⁾		
An Fhrainc	2 471 ⁽¹⁾	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
Éire	238 ⁽¹⁾		
Eile	60 ⁽²⁾		
An tAontas	3 037 ⁽¹⁾		
An Iorua	0 ⁽³⁾⁽⁴⁾⁽⁵⁾		
An Ríocht Aontaithe	1 257 ⁽¹⁾		
TAC	4 294		
⁽¹⁾	Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 10 % de a iascach in uisce na Ríochta Aontaithe agus uisce an Aontais in 4 (USK/*04-C.).		
⁽²⁾	Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascach dírithe faoin gcuóta seo. Na gabhálacha atá le comhaireamh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (USK/567EI_AMS).		
⁽³⁾	Coinníoll speisialta: lena n-údaráítear gabháil de thaisme de speicis eile de 25 % in aghaidh an tsoithigh, tráth ar bith, in 5b, 6 agus 7. Féadfar dul thar an gcéatadán sin, áfach, sna chéad 24 uair an chloig tar éis thús na hiascaireachta ar mheá ar leith. Ní rachaidh an ghabháil de thaisme iomlán de speicis eile in 5b, 6 agus 7 thar an méid thíos i dtónaí (OTH/*6X14.). Ní fhéadfaidh foghabháil trosc faoin bhforáil seo dul thar 5 % i limistéar 6a.		
	0		

- (4) Lena n-áirítear langaí. Ní dhéanfar na cuótaí seo a leanas le haghaidh na hIorua a iascach ach le spiléir i 5b, 6 agus 7:
 An langa (LIN/*5B67-) 0
 An torsca (USK/*5B67-) 0
- (5) Tá na cuótaí torscaí agus langaí le haghaidh na hIorua idirmhalartaithe suas go dtí an méid seo a leanas, i dtonaí:
 0

Speiceas:	Toréisc <i>Caproidae</i>	Limistéar:	6, 7 agus 8 (BOR/678-)
An Danmhairg	4 700	TAC réamhchúramach	
Éire	13 234		
An tAontas	17 934		
An Ríocht Aontaithe	1 218		
TAC	19 152		

Speiceas:	An scadán ⁽¹⁾ <i>Clupea harengus</i>	Limistéar:	3a (HER/03A.)
